C/2025/4103

24.7.2025

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2025

maidir le laethanta saoire in 2026 d'oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá ag obair sa Bhruiséil agus i Lucsamburg

(C/2025/4103)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus do Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS) a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 61 de na Rialacháin Foirne, mar aon le hAirteagail 16 agus 91 de CEOS,

Ag féachaint do na comhrialacha lena leagtar síos liosta na laethanta saoire poiblí atá ag dul d'oifigigh na gComhphobal Eorpach ([2]), agus go háirithe Airteagal 1(3) díobh,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Foirne,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Rialacháin Foirne,

Ag féachaint don tuairim ó na Cinn Riaracháin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise Airteagal 61 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus i bhfianaise Airteagail 16 agus 91 de CEOS, is iomchuí liosta na laethanta saoire poiblí in 2026 atá ag dul d'oifigigh agus 'seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá lonnaithe sa Bhruiséil agus i Lucsamburg a leagan síos.

(2) In 2026, is ar an 5 Aibreán a bheidh Domhnach Cásca.

(3) In 2026, beidh an 24 Nollaig ann ar an Déardaoin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A DHÉANAMH:

Airteagal aonair

Is iad seo a leanas na laethanta saoire in 2026 do bhaill foirne atá ag obair sa Bhruiséil agus i Lucsamburg:

1 Eanáir	Lá caille
2 Eanáir	an lá i ndiaidh Lá Caille
2 Aibreán	Déardaoin Mandála
3 Aibreán	Aoine an Chéasta
6 Aibreán	Luan Cásca
1 Bealtaine	Lá an Lucht Oibre
14 Bealtaine	Déardaoin Deascabhála
15 Bealtaine	an lá i ndiaidh na Deascabhála
25 Bealtaine:	Luan Cincíse
23 Meitheamh*	Lá náisiúnta Lucsamburg *lá a dheonaítear do na hoifigigh agus na seirbhísigh eile atá lonnaithe i Lucsamburg

([1]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj.
([2]) SEC(66) 3621.

21 Iúil*	Lá náisiúnta na Beilge *lá a dheonaítear do na hoifigigh agus na seirbhísigh eile atá lonnaithe sa Bhruiséil
2 Samhain	Lá Fhéile na Marbh
24 Nollaig go dtí 31 Nollaig	6 lá dheireadh na bliana

IOMLÁN 2026: 17 lá

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Piotr SERAFIN
Comhalta den Choimisiún